Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**9951/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0119 (NLE)**

**MI 564**
**ENT 129**
**UNECE 7**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 243 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le tograí mhí an Mheithimh 2026 le haghaidh rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 243 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 243 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2026
COM(2026) 243 final

2026/0119 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le tograí mhí an Mheithimh 2026 le haghaidh rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is togra é seo le haghaidh cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (WP.29) maidir le modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann faoi láthair a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Comhaontú Comhthreomhar

Tá dhá chomhaontú i bhfeidhm chun ceanglais chomhchuibhithe a fhorbairt chun deireadh a chur leis na bacainní teicniúla ar thrádáil mótarfheithiclí idir páirtithe conarthacha Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA), agus chun a áirithiú go gcuirtear ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil ar fáil le mótarfheithiclí. Is iad sin:

– Comhaontú CEE-NA maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha i dtaca le feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus na coinníollacha maidir le ceadanna arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'); agus

– an Comhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar').

Tháinig na Comhaontuithe i bhfeidhm maidir leis an Aontas Eorpach an 24 Márta 1998 agus an 15 Feabhra 2000 faoi seach. Is é (WP.29) a dhéanann maoirseacht ar an obair a bhaineann leis na Comhaontuithe sin.

### 2.2. An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip é

Soláthraíonn WP.29 creat uathúil chun rialacháin maidir le feithiclí a chomhchuibhiú ar bhonn domhanda. Is meitheal bhuan é WP.29 i gcreat institiúideach na Náisiún Aontaithe, agus tá sainordú sonrach agus rialacha sonracha nós imeachta sonracha aige. Feidhmíonn sé mar fhóram domhanda inar féidir plé oscailte a dhéanamh ar rialacháin maidir le mótarfheithiclí agus ar chur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair. Aon bhallstát de na Náisiún Aontaithe agus aon eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch, arna bunú ag ballstáit de na Náisiúin Aontaithe, féadfaidh an ballstát nó an eagraíocht sin a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí WP.29 agus a bheith ina pháirtí nó páirtí conarthach sna Comhaontuithe maidir le feithiclí a ndéanann WP.29 maoirseacht orthu. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sna Comhaontuithe sin[1].

---

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus

Tagann WP.29 le chéile trí huaire sa bhliain, is é sin i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna. Chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, féadfaidh WP.29 na nithe seo a leanas a ghlacadh ag gach cruinniú:

rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe;

rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe;

rialacháin theicniúla dhomhanda nua ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe);

modhnuithe ar rialacháin agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; agus

modhnuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin faoin gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú de chuid WP.29, déanann fochomhlachtaí tiomnaithe de chuid WP.29 na modhnuithe sin a phlé ar an leibhéal teicniúil.

Ina dhiaidh sin, is féidir le WP.29 tograí a ghlacadh ar na bealaí seo a leanas:

trí thromlach cáilithe na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a chaitheann vóta i leith tograí faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; nó

trí vóta comhthola na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a chaitheann vóta i leith tograí faoin gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú a bhíonn ag WP.29, leagtar síos le Cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na nithe seo a leanas:

rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe; agus

leasuithe, forlíontaí agus ceartúcháin ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag WP.29

Ón 23 Meitheamh go dtí an 26 Meitheamh 2026, le linn an 199ú seisiún a bheidh aige, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh:

tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 10, 11, 12, 13, 13-H, 14, 16, 17, 18, 21, 24, 26, 28, 29, 34, 35, 39, 43, 45, 46, 48, 49, 51, 55, 58, 61, 64, 66, 67, 68, 73, 75, 79, 83, 85, 89, 90, 93, 94, 95, 97, 100, 102, 106, 107, 108, 109, 110, 115, 116, 117, 121, 122 125, 127, 129, 130, 131, 133, 134, 135, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 148, 151, 152, 153, 154, 157, 158, 159, 160, 161, 162, 163, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 176, 177, 178, 179 agus 180 ó na Náisiúin Aontaithe;

tograí le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe:

maidir le hidrigin leachtach,

maidir le forálacha aonfhoirmeacha i ndáil le mótarfheithiclí a cheadú i dtaca lena gcóras tiomána uathoibrithe, agus

maidir le forálacha aonfhoirmeacha i ndáil le boinn a cheadú i dtaca le feidhmíocht scríobchaithimh;

---

páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 9, agus 13 ó na Náisiúin Aontaithe; agus

togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córas Tiomána Uathoibrithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ós rud é gur réimse é seo ina bhfuil an tAontas Eorpach tar éis reachtaíocht a rith go forleathan, tagann sé faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE.

Le córas WP.29, neartaítear comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán maidir le feithiclí. Tá ról ríthábhachtach ag Comhaontú Athbhreithnithe 1958 ó thaobh an cuspóir sin a bhaint amach. Is féidir le monaróirí an Aontais tacar coiteann de rialacháin chineálcheadúcháin a úsáid agus a fhios acu go n-aithneoidh páirtithe conarthacha go gcomhlíonann táirgí na monaróirí sin a reachtaíocht náisiúnta.

Mar thoradh air sin, le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 i ndáil le sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, a aisghaireadh níos déanaí agus ar cuireadh Rialachán (AE) 2019/2144 ina ionad, bhíothas in ann breis agus 50 treoir ón Aontas a aisghairm agus rialacháin chomhfhreagracha a forbraíodh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 a chur ina n-ionad.

Déantar de réir cur chuige dá leithéid i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Leagtar síos leis forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin déantar rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, ina gceanglais maidir le cineálcheadú nó ina roghanna eile in ionad reachtaíocht an Aontais.

A luaithe a ghlacann WP.29 togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe nó le haghaidh modhnuithe ar rialachán ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana, tugann Rúnaí Feidhmiúcháin CEE-NA fógra faoin ngníomh comhfhreagrach do na páirtithe conarthacha. Mura ndéanfaidh mionlach blocála de pháirtithe conarthacha agóid laistigh de 6 mhí, tiocfaidh an gníomh i bhfeidhm. Ansin, is féidir le gach páirtí conarthach an gníomh a thrasuí ina rialacha náisiúnta infheidhme. San Aontas Eorpach, is trí fhoilsiú an ghnímh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a thugtar an próiseas trasuímh chun críche.

Ní mór seasamh an Aontais a leagan síos i ndáil leis na gníomhartha seo a leanas:

Tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 10, 11, 12, 13, 13-H, 14, 16, 17, 18, 21, 24, 26, 28, 29, 34, 39, 43, 45, 46, 48, 49, 51, 55, 58, 61, 64, 66, 67, 73, 75, 79, 83, 85, 89, 90, 93, 94, 95, 97, 100, 102, 106, 107, 108, 109, 110, 115, 116, 117, 121, 122 125, 127, 129, 130, 131, 133, 134, 135, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 148, 151, 152, 153, 154, 157, 158, 159, 160, 161, 162, 163, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 176, 177, 178, 179 agus 180 ó na Náisiúin Aontaithe agus chun nuashonrú a dhéanamh ar fhorálacha maidir leis na nithe seo a leanas:

– coscánú feithiclí troma – leis na leasuithe atá beartaithe féachtar le léirmhíniú ailínithe agus comhsheasmhach a áirithiú ar na coinníollacha gníomhachtaithe le

[2] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

haghaidh comhartha stop éigeandála, arna ghiniúint tríd an gcóras príomhchoscánaithe a chur i bhfeidhm;

– neart na suíochán, a ndaingnithe agus a dtacaí cinn – leis na leasuithe atá beartaithe féachtar le nósanna imeachta tástála a shoiléiriú chun ídiú fuinnimh ar thacaí cinn a sheiceáil;

– suiteáil gaireas soilsiúcháin agus gaireas solaschomharthaíochta – leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar leis an bhféidearthacht solaschomharthaíocht a thabhairt isteach, i bhfoirm teilgean patrún ar an mbóthar, le haghaidh úsáideoirí eile bóithre trí fheidhm nua solaschomharthaíochta 'teilgean treotháscaire';

– torann ó fheithiclí de chatagóirí M agus N – leis na leasuithe atá beartaithe beartaítear an tagairt do RTD Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe a ionadú leis an tagairt don mhír chéanna i Rialachán Uimh. 177 ó na Náisiúin Aontaithe chun aon éagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir an dá théacs sin a sheachaint, agus chun 'modh réamhshocraithe' a thabhairt isteach agus ceanglais a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le hastú fuaime feabhsaithe seachtraí;

– boinn le haghaidh gluaisrothar/móipéidí - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe gan boinn rothair a dheimhniú mar bhoinn mhóipéide;

– trealamh stiúrtha – is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe an raon feidhme idir an rialachán seo agus Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe a shoiléiriú i ndáil leis an bhfeidhm stiúrtha uathrialaitheach, go háirithe i ndáil le cumais pháirceála agus páirceáil chianrialaithe;

– feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach iontu – is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe ceanglais rabhaidh agus gníomhachtaithe uathoibríoch coscán a thabhairt isteach i gcás teip i gcórais stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe is infheidhme maidir le leantóirí;

– boinn le haghaidh feithiclí talmhaíochta – leis na leasuithe atá beartaithe féachtar le soiléiriú a thabhairt maidir le marcáil bonn de chatagóirí luais D agus E;

– boinn atráchtaithe le haghaidh gluaisteáin paisinéirí agus a leantóirí – tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe ról an tsoláthróra ábhair a shoiléiriú agus simpliú a dhéanamh ar an liosta bonn a aicmítear mar bhoinn tromshneachta;

– boinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí – tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe ról an tsoláthróra ábhair a shoiléiriú agus simpliú a dhéanamh ar an liosta bonn a aicmítear mar bhoinn tromshneachta;

– boinn, friotaíocht rollta, torann rollta agus fliuchghreim – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear na forálacha uile a bhaineann le scríobchaitheamh a scriosadh den rialachán agus iad a aistriú go rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le scríobchaitheamh;

– sábháilteacht coisithe – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear soiléiriú a thabhairt i ndáil le raon feidhme na sonraí ó thástálacha ar an ngaothscáth nach mór a sholáthar chun críche cineálcheadaithe, agus trásuí a dhéanamh ar RTD Uimh. 9, Leasú 3, ceanglais theicniúla maidir le córais cosanta coisithe in-imscartha:

– córais fheabhsaithe srianta sábháilteachta linbh – leis na leasuithe atá beartaithe féachtar lena shoiléiriú go bhféadfadh sé go mbeadh gá freisin le tástálacha breise, ina n-úsáidfí riochtáin ar airdí malartacha, mar thoradh ar ionsáiteán a bhaint, féachtar le haghaidh a thabhairt ar an neamhréir idir toisí airde na gualainne a

chuirtear i gcás le haghaidh leanaí nuabheirthe réamhaibí agus airdí gualainne iarbhír a dhíorthaítear ó thacair sonraí antrapaiméadrachta a bailíodh, agus féachtar le tuairiscí na n-aitheantóirí uathúla a bhaint de na ceanglais;

– ardchórais coscánaithe éigeandála le haghaidh feithiclí de chatagóir M2, M3, N2 agus N3 – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear soiléiriú a thabhairt ar na forálacha lena réiteofar saincheisteanna a bhaineann le ceaduithe na bhfeithiclí M2, M3 agus N2 agus, ar an gcaoi sin, lena láidreofar an socrú cómhalartach idir an rialachán seo agus Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe;

– feithiclí hidrigine agus breosla-chille - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe roinnt athruithe eagarthóireachta a thabhairt isteach;

– deiseanna comharthaíochta solais - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe na ceanglais a thabhairt isteach maidir le teilgean patrún ar an mbóthar tríd an treotháscaire;

– ardchórais coscánaithe éigeandála le haghaidh feithiclí M1 agus N1 – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear soiléiriú a thabhairt ar na forálacha lena réiteofar saincheisteanna a bhaineann le ceaduithe na bhfeithiclí M2, M3 agus N2 agus, ar an gcaoi sin, lena láidreofar an socrú cómhalartach idir an rialachán seo agus Rialachán Uimh. 131 ó na Náisiúin Aontaithe;

– córais srianta linbh le haghaidh iompar níos sábháilte leanaí i mbusanna agus i gcóistí – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear réiteach a thabhairt isteach maidir le córais srianta sábháilteachta linbh a shuiteáil le criosanna 2 phointe d'fhonn leanaí a chumhdach le linn iompuithe nó tuairteanna tosaigh sa suíochán;

– córais um chúnamh rialúcháin don tiománaí – leis na leasuithe atá beartaithe féachtar le ceanglais nua a thabhairt isteach maidir le 'hainlithe córastionscanta' ar mhórbhealaí nuair nach ngéilltear 'd'iarraidh maidir le lámha ar an rialtán stiúrtha' agus maidir le 'hainlithe córastionscanta' i gcásanna nuair nach bhfuiltear ar mhórbhealaí agus 'lámha ar an rialtán stiúrtha';

– feidhmíocht sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe – tá sé d'aidhm ag na leasuithe atá beartaithe sainmhíniú athbhreithnithe a thabhairt isteach ar 'sholáthróir an tráchta boinn a úsáidtear don phróiseas atráchtaithe' i ndáil leis an gcomhréireacht táirgeachta, feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht idir boinn atráchtaithe agus boinn nua trí ailíniú leis na ceanglais i Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe, forálacha idirthréimhseacha nua a thabhairt isteach, agus aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna eagarthóireachta; agus

– sraith tograí – leis na leasuithe atá beartaithe, beartaítear athruithe a thabhairt isteach chun go mbeifear in ann na rialachán sin ó na Náisiúin Aontaithe a chur cur i bhfeidhm maidir le feithiclí uathoibrithe, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil rialaitheoirí láimhe acu;

tograí le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe:

– maidir le hidrigin leachtach chun ceanglais a fhorbairt maidir le feithiclí de chatagóirí M2, M3, N2 agus N3 agus maidir le córais a bhreoslaítear le hidrigin leachtaithe;

– maidir le Córas Tiomána Uathoibrithe lena mbunaítear forálacha sábháilteachta aonfhoirmeacha agus modheolaíocht chomhchuibhithe chun sábháilteacht Córas Tiomána Uathoibrithe a bhailíochtú; agus

– maidir le scríobchaitheamh lena gcuirtear chun feidhme ceanglais Euro 7 i ndáil le haerbhoinn nua d'aicme C1 maidir lena bhfeidhmíocht scríobchaithimh;

tograí le haghaidh modhnuithe ar RTD Uimh. 9 agus 13 ó na Náisiúin Aontaithe chun deimhniú cuasastatach spriocdhírithe a éascú i leith an imbhuailteora féimir don tástáil féimir go tuairteoir, agus chun soiléiriú a thabhairt ar an réasúnaíocht chun na ceanglais tástála a léiriú le haghaidh na dtástálacha sláine meicniúla agus marthanachta i gcás línte soláthair le haghaidh feistí fóirithinte breise atá faoi chosaint theirmeach; agus

togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córais Tiomána Uathoibrithe arb é is aidhm dó modheolaíocht chomhchuibhithe a sholáthar ina n-ionchorpraítear ceanglais ardleibhéil lena dtugtar aghaidh ar an gcineál uathúil agus ar na dúshláin uathúla sábháilteachta a bhaineann le teicneolaíocht na gCóras Tiomána Uathoibrithe chomh maith le cur chuige ilcholúin chun bailíochtú cuimsitheach, éifeachtach agus éifeachtúil ar shábháilteacht na gCóras Tiomána Uathoibrithe a áirithiú.

Tá sé beartaithe ag WP.29 vótáil ar na tograí sin ag an gcruinniú a bheidh aige ón 23 go dtí an 26 Meitheamh 2026.

Ina theannta sin, ní mór seasamh an Aontais a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas:

togra le haghaidh leasuithe ar an doiciméad léirmhíniúcháin maidir leis an nuashonrú ar bhogearraí agus leis an gcóras bainistithe nuashonraithe bogearraí.

Ba cheart don Aontas tacú leis na gníomhartha thuasluaite ós rud é go bhfuil siad i gcomhréir lena bheartas maidir leis an margadh inmheánach i dtaca leis an earnáil mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, agus i gcomhréir freisin lena bheartais maidir leis an ngeopholaitíocht, leis an iompar, leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh.

Imríonn na gníomhartha sin uile tionchar an-dearfach ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar an trádáil idirnáisiúnta. Rachadh vóta i bhfabhar na ngníomhartha sin chun sochair don dul chun cinn teicneolaíoch, sholáthródh sé barainneachtaí scála, sheachnódh sé ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus d'áiritheodh sé go gcuirfí caighdeáin chomhionanna maidir le mótarfheithiclí i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.

Níl saineolas seachtrach ábhartha i gcás an togra seo. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Teicniúil um Mótarfheithiclí ar an togra seo, áfach.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh luaitear go nglacann an Chomhairle cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo mar gheall ar na rialacha dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear freisin sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh

'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é WP.29 ina bpléann páirtithe conarthacha CEE-NA cur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair.

Na gníomhartha a iarrtar ar WP.29 a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a leagtar amach sa ghníomh atá beartaithe, beidh siad ina gceangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 12 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958. In éineacht le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithiclí.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

**4.2. Bunús dlí substainteach**

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Féadfaidh dhá aidhm nó dhá chomhpháirt a bheith i gceist le gníomh atá beartaithe, ar féidir ceann amháin díobh a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach. Sa chás seo, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí substainteach atá leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is é an comhfhogasú dlíthe príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 114 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Foilsiú an ghnímh atá beartaithe

Ós rud é go leasófar le gníomh WP.29 roinnt rialachán agus RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, agus ós rud é go nglacfar rialacháin agus RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe leis, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

---

3 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2026/0119 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le tograí mhí an Mheithimh 2026 le haghaidh rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle[2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú a bhaineann le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1997/836/oj).

[2] Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/125/oj).

[3] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin déantar rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 (‘rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe’) a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe) agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

(5) Ón 23 Samhain go dtí an 26 Meitheamh 2026, le linn an 199ú seisiún den Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 10, 11, 12, 13, 13-H, 14, 16, 17, 18, 21, 24, 26, 28, 29, 34, 35, 39, 43, 45, 46, 48, 49, 51, 55, 58, 61, 64, 66, 67, 68, 73, 75, 79, 83, 85, 89, 90, 93, 94, 95, 97, 100, 102, 106, 107, 108, 109, 110, 115, 116, 117, 121, 122 125, 127, 129, 130, 131, 133, 134, 135, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 148, 151, 152, 153, 154, 157, 158, 159, 160, 161, 162, 163, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 176, 177, 178, 179 agus 180 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hidrigin leachtach; togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le córais tiomána uathoibrithe; togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le scríobchaitheamh; tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 9, agus 13 ó na Náisiúin Aontaithe; agus togra le haghaidh RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córas Tiomána Uathoibrithe.

(6) Níl feidhm ag Rialachán Uimh. 35 ná ag Rialachán Uimh. 68 ó na Náisiúin Aontaithe chun críche cineálcheadaithe AE.

(7) Chun taithí phraiticiúil agus forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh le linn an phróisis cineálcheadaithe, maidir leis na ceanglais le haghaidh sainghnéithe nó gnáthghnéithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 10, 11, 12, 13, 13-H, 14, 16, 17, 18, 21, 24, 26, 28, 29, 34, 39, 43, 45, 46, 48, 49, 51, 55, 58, 61, 64, 66, 67, 73, 75, 79, 83, 85, 89, 90, 93, 94, 95, 97, 100, 102, 106, 107, 108, 109, 110, 115, 116, 117, 121, 122 125, 127, 129, 130, 131, 133, 134, 135, 137, 138, 139, 140, 141, 142, 143, 144, 145, 148, 151, 152, 153, 154, 157, 158, 159, 160, 161, 162, 163, 165, 166, 167, 168, 169, 170, 171, 172, 173, 174, 176, 177, 178, 179 agus 180 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le RTD Uimh. 9 agus 13 ó na Náisiúin Aontaithe, ní mór iad a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun an dul chun cinn teicneolaíoch a éascú agus chun uathoibriú agus dícharbónú a chur chun cinn, ní mór rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hidrigin leachtach, maidir le Córais Tiomána Uathoibrithe, agus maidir le scríobchaitheamh, agus RTD nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Córais Tiomána Uathoibrithe a ghlacadh.

(9) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht leis na RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, imreoidh siad tionchar ar inneachar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithiclí. Dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 a mhéid a bhaineann le glacadh na dtograí sin, is iomchuí é a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) le linn an 199ú seisiún den fhóram sin, a thionólfar ón 23 go dtí an 26 Meitheamh 2026, vótáil i bhfabhar na ndoiciméad oibre ó na Náisiúin Aontaithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais in WP.29 mionathruithe teicniúla ar an dréachtchinneadh a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*